# Fáilte ó Chathaoirleach Forbairt Naíonraí Teoranta

Tá béim láidir ar scileanna agus ar áiseanna breathnóireachta agus ar na modhanna éagsúla a bhíonn in úsáid sna seirbhísí luathbhlianta. D'aithin Forbairt Naíonraí Teoranta go raibh géarghá le háiseanna agus le teimpléid bhreathnóireachta a fhorbairt trí mheán na Gaeilge. Tugadh faoi deara go mbeadh i bhfad níos mó i gceist ná aistriúcháin, toisc nach raibh tagairt ar bith don Luath-thumadh Iomlán sna teimpléid reatha. D'aithin Forbairt Naíonraí Teoranta gur cheart teimpléid a fhorbairt leis an mbreathnóireacht a dhéanamh ar shealbhú teanga i gcomhthéacs fhorbairt iomlán an linbh sna naíonraí (T2).

D'eagraigh Forbairt Naíonraí Teoranta scéim phíolótach agus ghlac ceithre naíonra páirt sa scéim. Bhí taithí agus tuiscintí éagsúla ar an mbreathnóireacht ag na naíonraí sin. Bhain siad triail as na teimpléid nua a bhí cruthaithe ag Forbairt Naíonraí Teoranta trí mheán na Gaeilge. Tháinig eolas suntasach chun solais mar thoradh ar an scéim phíolótach. Léirigh an scéim an tábhacht a bhain le cur i bhfeidhm an tionscadail, treoir agus oiliúint san áireamh. Cinneadh go raibh gá le cáipéisíocht tacaíochta fianaise-bhunaithe do na teimpléid nua, bunaithe ar theoiric, ar dhea-chleachtas agus ar an bhfoghlaim. Is as an taighde seo ar fad a d'eascair *"Súil, súil eile…"*

Cuirim fáilte roimh an bhfoilseachán nua seo agus táim cinnte go gcuirfidh sé go mór le dea-chleachtas na naíonraí. Gabhaim buíochas ó chroí leis na stiúrthóirí, na saineolaithe agus ar ndóigh, foireann na hoifige a bhí bainteach leis an obair seo a chur i gcrích.

Táimid ag **SÚIL** go mór go mbeidh *"Súil, súil eile…"* in úsáid mar áis bhreathnóireachta sna naíonraí/na seirbhíse luathbhlianta agus an fhoireann ag cur polasaithe, *Síolta, Aistear agus Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), 2006,* i bhfeidhm.

Ádh mór!
Máire Uí Bhriain
Nollaig 2013

# Nóta Buíochais

Is mian linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a bhí páirteach sa tionscadal seo le breis agus bliain anuas. Is chun leas na cáipéise, agus mar sin leas na naíonraí, a raibh saineolas agus saintaithí den scoth á roinnt mar chuid den tionscadal seo.

Is mian linn ár mbuíochas a ghabháil le Nora Anne Luck a bhí i mbun sraith seimineár a theagasc ar an mbreathnóireacht le Máire Uí Mhurchú ar son Forbairt Naíonraí Teoranta i 2013. Chabhraigh aiseolas na seimineár go mór linn agus táimid an-bhuíoch as an obair luachmhar seo.

Táimid an-bhuíoch chomh maith den phainéal eolaíoch as a gcuid ama, aiseolais agus moltaí a chur ar fáil dúinn: An Dr. Tina Hickey, UCD, An Dr. Máire Mhic Mhathúna, DIT agus An Dr. Máire Ní Bhaoill, Coláiste Phádraig, Droim Conrach.

Tá Forbairt Naíonraí Teoranta faoi chomaoin ag Foras na Gaeilge agus ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige as an maoiniú a cuireadh ar fáil don tionscadal seo.

Gabhaimid buíochas le Gaelink as an leabhrán álainn a dhearadh agus a chló dúinn.

Go n-éirí libh ar bhóthar na breathnóireachta!

Déirdre Stiobhairt, Máire Uí Mhurchú, Clíona Frost agus Laura Rawdon
Nollaig 2013

Foilsithe ag
Forbairt Naíonraí Teoranta,
Halla Naomh Pádraig,
Institiúid Oideachais Marino,
Ascaill Uí Ghríofa,
Baile Átha Cliath 9.

© Forbairt Naíonraí Teoranta 2014

Dearadh: Gaelink

Arna mhaoiniú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus Foras na Gaeilge

# Clár


| | | | |
|---|---|---|---|
| Súil Siar | 1.1 | Réamhrá | 4 |
| Súil Eile | 2.1 | Pleanáil agus Measúnú | 12 |
| | 2.2 | Cuspóirí Breathnóireachta | 20 |
| | 2.3 | An Próiseas Breathnóireachta | 21 |
| Súil Nua | 3.1 | Teimpléid Nua | 28 |
| | 3.2 | Teicníocht | 29 |
| | 3.3 | Dialann | 30 |
| | 3.4 | Céimeanna Sealbhaithe Teanga sa Phróiseas Luath-thumtha | 32 |
| | 3.5 | Tuairisc Scríofa | 34 |
| | 3.6 | Scéal Foghlama | 36 |
| | 3.7 | Cárta Gluaiseachta | 38 |
| | 3.8 | Ag Baint Úsáide as na Teimpléid | 40 |
| | 3.9 | Conclúid | 43 |
| Na Teimpléid | 4.1 | Teimpléid Ghlana | 44 |
| | | Liosta Léitheoireachta | 53 |

# Súil Siar

## 1.1 Réamhra

### Cad is Naíonra ann?

Grúpa leanaí a thagann le chéile i dtimpeallacht thaitneamhach faoi stiúir stiúrthóra atá i naíonra. Cuireann foireann an naíonra gach deis ar fáil do leanaí an naíonra forbairt iomlán a chur i gcrích, idir fhorbairt fhisiciúil, intleachtúil, chruthaitheach, shóisialta, mhothúchánach agus teanga.

### Aidhmeanna an Naíonra

*(Uí Ghrádaigh, D., 2005, 7)*

- Forbairt iomlán an linbh trí mhodh an tsúgartha
- Deis agus tacaíocht a thabhairt don leanbh óg an Ghaeilge a shealbhú nó a shaibhriú go nádúrtha

Sa cháipéis seo táimid ag díriú ar shealbhú na Gaeilge agus conas tabhairt faoin mbreathnóireacht ar an sealbhú teanga sin.

### Cad a Chiallaíonn 'Tumoideachas'?

(*Oiriúnaithe ó Uí Ghrádaigh, D., 2005, 10, 11)*
Sa tumoideachas bíonn an leanbh ag foghlaim trí mheán an dara teanga. Tuigtear an méid a deir an leanbh ina chéad teanga, ach freagraítear é sa dara teanga, agus cuirtear na focail atá uaidh ar fáil dó.

*Fíor 1*

| **Sampla:** | Leanbh: *That's my bag.* |
|---|---|
| Stiúrthóir: *Cé leis an mála seo?* | Leanbh: *Is liomsa é.* |
| Stiúrthóir: *Is liomsa é.* | |

### Cúlra agus Buanna

Thosaigh an tumoideachas i Montreal, Ceanada, sna 1960idí, nuair a thosaigh Béarlóirí ag freastal ar naíscoileanna trí mheán na Fraincise. D'eascair litríocht mhór as an taighde ar an tumoideachas a rinneadh i gCeanada agus i dtíortha eile agus tá na torthaí ar fad ag teacht le chéile:

- Go gcruthaíonn tumdhaltaí chomh maith, nó níos fearr, i gcúrsaí acadúla agus a dhéanann leanaí i gcomhthéacs neamhthumtha;
- Go sealbhaíonn siad gnáthleibhéil sa T1;
- Go sealbhaíonn siad ardleibhéal líofachta sa T2.

Faightear an tumoideachas ar fud an domhain, rud a léiríonn riachtanais na dtíortha ilteangacha éagsúla, mar shampla, Tír na mBascach, an Chatalóin, an Fhionlainn, an Nua-Shéalainn, Albain agus an Bhreatain Bheag, chomh maith leis an tír seo.

## Tum-Réamhscolaíocht

Thacaigh an tum-réamhscolaíocht sna tíortha sin le gluaiseachtaí athbheochana teanga, agus chuir sé leis an éileamh ar chláir thumtha bunscoile a sholáthar, rud atá fíor in Éirinn i gcás na ngaelscoileanna go háirithe. Thosaigh an chéad naíonra in Éirinn i 1965 agus faoi láthair tá níos mó ná 4,000 leanbh agus breis agus 180 naíonra ag feidhmiú lasmuigh den Ghaeltacht.

Feidhmíonn na naíonraí trí mhodh an Luath-Thumtha Iomláin i gcás mhóramh na leanaí a bhaineann le teaghlaigh Bhéarla. Tugann siad tacaíocht don dream arb í an Ghaeilge teanga an teaghlaigh acu chomh maith.

## Cur Chuige agus Straitéisí

Tá cosúlachtaí idir an teanga a úsáideann daoine fásta sa tumoideachas agus an teanga a úsáideann tuismitheoirí le leanaí, sa mhéid go labhraítear faoin gcomhthéacs, go labhraítear níos moille, go mbaintear leas as abairtí agus foclóir simplí, as athrá, agus as tuiníocht speisialta chun aird an linbh a choinneáil. Bíonn an-éifeacht ag baint le straitéisí áirithe sa Luath-thumadh iomlán, chun aird na leanaí a dhíriú ar úsáid teanga agus ar thréithe teanga:

- Eagrú an chláir;
- Grúpáil na leanaí chun deis cainte a sholáthar dóibh;
- Plean oibre le spriocanna áirithe teanga ó sheachtain go seachtain chun dul chun cinn a chinntiú;
- Gníomhaíochtaí teanga-lárnacha á úsáid gach lá (scéalaíocht, drámaíocht, puipéid agus cluichí beaga);
- Ionchur oiriúnach sothuigthe a chur ar fáil agus leanaí i mbun oibre;
- Rialtacht úsáid teanga le gníomhaíochtaí áirithe (cluichí cártaí, rolla, tabhairt amach málaí) ionas go dtuigfidh leanaí cad atá ag teacht agus cén sórt freagra atá an stiúrthóir ag lorg uathu;
- Rainn agus amhráin á úsáid go minic chun roinnt frásaí réamhdhéanta a thabhairt do leanaí.

Agus tú i mbun na breathnóireachta, is fiú a aithint go mbíonn na leanaí sa naíonra ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí agus cineálacha súgartha i mbealaí éagsúla e.g. **féin-stiúradh/féin-spreagadh, i gcomhpháirt le leanaí eile, mar chuid den mhórghrúpa nó faoi stiúir an stiúrthóra.**

## Tábhacht na Breathnóireachta

Is í an Ghaeilge teanga oibre an naíonra agus mar sin, creideann Forbairt Naíonraí Teoranta go láidir gur chóir breathnóireacht a dhéanamh **trí mheán na Gaeilge.**

## Breathnóireacht Neamhfhoirmiúil agus Breathnóireacht Fhoirmiúil

Tá sé ríthábhachtach go n-aithnítear go mbíonn stiúrthóirí naíonra ag tabhairt faoi **bhreathnóireacht neamhfhoirmiúil an t-am go léir** agus iad i mbun na hoibre leis na leanaí go laethúil. Is gá go mbeadh an deis ag stiúrthóirí an t-eolas luachmhar a bhailítear le linn na breathnóireachta neamhfhoirmiúla seo a thaifeadadh go tapa i.e. Sa Dialann *(féach leathanach 30)*. Is gá go gcuirfí leis an eolas seo trí bhreathnóireacht fhoirmiúil a dhéanamh go rialta ar leanaí an naíonra. Díreoidh an leabhrán seo ar na buntáistí agus an éifeacht a bhaineann leis an dá mhodh agus muid ag plé na dteimpléad nua atá forbartha ag Forbairt Naíonraí Teoranta.

## Discréid


Is gá aon tuairisc nó eolas a bhailítear trí bhreathnóireacht a dhéanamh a choimeád faoi rún. Is fiú leas a bhaint as oíche oscailte an naíonra leis an bpolasaí breathnóireachta a mhíniú do thuismitheoirí. Tá cead ag tuismitheoir/caomhnóir an linbh aon tuairisc faoina leanbh a lorg ag am ar bith. Ní mór cead agus síniú an tuismitheora/chaomhnóra a fháil ag tús na bliana le breathnóireacht a dhéanamh ar an leanbh sa naíonra.

## Rialacháin Um Chúram Leanaí agus an Bhreathnóireacht ar Shealbhú na Gaeilge

Anseo thíos tá léaráid leis na naisc chuig na cáipéisí/uirlisí a úsáidtear sa naíonra go laethúil mar thacaíocht don obair *(Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), 2006; Síolta; Aistear; SárShaothar sa Naíonra)*. **Léirítear na codanna sna cáipéisí sin a bhaineann go sonrach le breathnóireacht ar shealbhú na Gaeilge sa naíonra.**

Cé go bhfuil gach cuid d'obair an naíonra fite le chéile, seasann na cáipéisí/uirlisí thíosluaite amach go sonrach i gcomhthéacs na breathnóireachta sa naíonra.

*Fíor 2*



Tá tábhacht na breathnóireachta le feiceáil i bprionsabail *Síolta* agus i dtéamaí *Aistear*:

*Fíor 3*[1]

| | |
|---|---|
| **Páistí ar dTús** | Tá indibhiúlacht, láidreachtaí, cearta agus riachtanais an pháiste lárnach do sholáthar eispéireas d'ardchaighdeán le linn luath-óige |
| **Tuismitheoirí** | Is iad na tuismitheoirí oidí príomha a bpáistí agus iad thar aon duine eile a chuireann folláine, foghlaim agus forbairt an pháiste chun cinn |
| **Oideolaíocht** | Curaclaim agus cláir ghníomhaíochta, a mbíonn cur chuige iomlánaíoch acu d'fhorbairt agus d'fhoghlaim an pháiste, léiríonn siad oideolaíocht sa luath-óige |
| **Leas** | Ba chóir slándáil, leas agus folláine gach páiste a chosaint agus a chur chun cinn i ngach timpeallacht luath-óige |

síolta
An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige

[1] http://www.cecde.ie/gaeilge/pdf/Treoir%20do%20Thuismitheoiri.pdf

*Fíor 4*[2]

| Measúnú | An Duine Fásta |
|---|---|
| Ar mhaithe le leanaí | • tabharfaidh sé/sí aiseolas do leanaí maidir lena bhfoghlaim mar chuid den idirghníomhú laethúil leo<br>• déanfaidh sé/sí cinntí a thógfaidh ar eispéiris a tharla san am atá thart agus tacóidh sé/sí le foghlaim nua |
| Leanaí páirteach ann | • labhróidh sé/sí le leanaí chun tuiscint a fháil ar a gcuid foghlama<br>• tabharfaidh sé/sí deiseanna do leanaí machnamh ar a ndearna siad, ar a ndúirt siad agus ar an méid a d'fhoghlaim siad agus ar a bhfuil beartaithe acu a dhéanamh mar chéad chéim eile |
| Déanann ciall do leanaí | • déanfaidh sé/sí measúnú mar chuid de na gníomhaíochtaí, na himeachtaí, na gnáthaimh agus den idirghníomhú a tharlóidh gach lá, agus bainfidh úsáid as nithe, as áiteanna agus as daoine a bhfuil aithne ag na leanaí orthu nó a bhfuil spéis acu iontu |
| Teaghlaigh leanaí páirteach ann | • cuirfidh sé/sí léargais ar fáil do thuismitheoirí maidir le foghlaim a leanaí agus tabharfaidh moltaí dóibh maidir leis an gcaoi ar féidir leo tacú le foghlaim sa bhaile<br>• tabharfaidh sé/sí deiseanna do thuismitheoirí eolas a chomhroinnt faoi fhoghlaim agus faoi fhorbairt a leanaí |
| Baineann úsáid as an iliomad modhanna | • úsáidfidh sé/sí modhanna amhail féinmheasúnú, comhráite, breathnóireacht, tascanna agus tástálacha<br>• bainfidh sé/sí úsáid as modhanna ar bhealach iomchuí, i gcomhthéacs aoiseanna, cúlraí agus céimeanna foghlama agus forbartha na leanaí |
| Tarlaíonn le caitheamh ama | • baileoidh sé/sí eolas ar bhonn laethúil agus bainfidh úsáid as<br>• le caitheamh ama, gheobhaidh sé/sí léiriú saibhir ar gach leanbh mar fhoghlaimeoir |
| Déanann ceiliúradh ar fhairsinge agus ar dhoimhne fhoghlaim agus fhorbairt na leanaí | • cuirfidh sé/sí fianaise ar fáil d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanaí ar fud na meonta, na scileanna, na dtuairimí agus luachanna agus an eolais agus na tuisceana ar na leagan amach i dtéamaí *Aistear* |

Aistear
Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

[2] http://www.ncca.biz/Aistear/pdfs/Guidelines_IRISH/Assessment_IRISH.pdf

# Súil Siar


## Céimeanna Sealbhaithe Teanga sa Phróiseas Luath-thumtha

Is iad an Ghaeilge agus an luath-thumadh iomlán bunchloch na naíonraí. Chuige sin, moltar go láidir tabhairt faoin mbreathnóireacht ar shealbhú na Gaeilge le gach leanbh. De réir an taighde atá déanta ag teangeolaithe éagsúla tá céimeanna sealbhaithe sa phróiseas luath-thumtha.

*Fíor 5 (Mhic Mhathúna, M., 2011, 23, 24)*


| Eisteacht agus Tuiscint | Meascadh Cóid | Foirmlí Cainte | Saorchaint |
| --- | --- | --- | --- |
| Bíonn an leanbh ag éisteacht leis an gcaint timpeall air agus léiríonn sé an tuiscint trí ghníomh oiriúnach a dhéanamh nó trí fhreagra oiriúnach a thabhairt sa mháthairtheanga. | Úsáideann an leanbh focal Gaeilge in abairt Bhéarla. | Úsáideann an leanbh frása nó abairt a cuireadh ar fáil di do ghníomhaíocht nó do ghnás ar leith. | Labhraíonn an leanbh as a stuaim féin. **B'fhéidir go mbíonn sé míchruinn i dtosach, beidh sé ag baint triail as foirmeacha éagsúla de na focail agus de chomhréir na habairte.** |

*Fíor 6 (Mhic Mhathúna, M., 2011, 23, 24)*



## 2.1 Pleanáil agus Measúnú

*Fíor 7*




Is **tasc foirne** í an bhreathnóireacht sa naíonra. Is gá pleanáil agus measúnú a dhéanamh don bhreathóireacht sa naíonra i gcomhthéacs plean teanga, curaclam, polasaithe agus rialacháin an naíonra.

**Tá sé ríthábhachtach go mbeadh:**

- Eolas maidir le leanaí an naíonra bailithe ó na tuismitheoirí/caomhnóirí ag tús na bliana agus uasdátaithe i rith na bliana nó nuair is cuí, i.e. cúlra teanga na leanaí (an mbeidh sealbhú nó saibhriú teanga i gceist nuair a fhreastalaíonn siad ar an naíonra?), riachtanais speisialta, cúlra teaghlaigh etc.
- Polasaithe an naíonra pléite agus aontaithe idir stiúrthóirí agus tuismitheoirí an naíonra ag an oíche/lá oscailte agus uasdátaithe nuair is cuí
- Cruinnithe foirne rialta i.e. uair gach mí nó nuair is cuí
- Cumarsáid éifeachtach idir baill foirne an naíonra lena chéile, le tuismitheoirí agus leanaí an naíonra
- Plean teanga pléite agus aontaithe idir na stiúrthóirí agus uasdátaithe nuair is cuí
- Plean d'fhorbairt iomlán na leanaí pléite agus aontaithe idir na stiúrthóirí agus uasdátaithe nuair is cuí
- Córas sainoibrí (Keyworker system) i bhfeidhm sa naíonra mar thacaíocht do stiúrthóirí, tuismitheoirí agus leanaí an naíonra
- Plean breathnóireachta pléite agus aontaithe idir na stiúrthóirí agus uasdátaithe nuair is cuí i.e. Rialtacht agus minicíocht na breathnóireachta
- Measúnú rialta déanta ar thorthaí na breathnóireachta mar chuid de chruinnithe foirne sa naíonra nó nuair is cuí
- Polasaithe faoi leith curtha le chéile ag stiúrthóirí atá ag obair leo féin mar a bhaineann le pleananna, tacaíochtaí breise de dhíth ar an stiúrthóir i.e. Forbairt Naíonraí Teoranta, Coiste Cúram Leanaí áitiúla, liosta d'ionadaithe

## Minicíocht agus Rialtacht na Breathnóireachta sa Naíonra

*(Oiriúnaithe ó Devlin, S., Frost, C., 2007, 12, 13)*

**Is ar mhaithe le heolas níos saibhre a bhailiú chun leasa na leanaí a dhéantar breathnóireacht rialta sa naíonra.** Is gá, mar sin, plean cuimsitheach breathnóireachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh gach ball den fhoireann ag tabhairt faoi **bhreathnóireacht rialta** ar gach leanbh sa naíonra. Beidh gá le breathnóireacht **níos minicí** a dhéanamh ar leanaí faoi leith bunaithe ar thorthaí na breathnóireachta mar a bhaineann le riachtanais agus staid forbartha na leanaí. Is féidir tuairisc dhátheangach a chur ar fáil do thuismitheoirí ag deireadh na bliana, nó nuair is cuí.

## Athbhreithniú Rialta ar na Gníomhaíochtaí/Gnásanna sa Naíonra

Tá sé tábhachtach chomh maith go ndéantar athbhreithniú rialta ar na gníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil do leanaí an naíonra. Tá teimpléid cruthaithe ag Forbairt Naíonraí Teoranta mar uirlisí tacaíochta leis an athbhreithniú seo a dhéanamh. **Baineann an t-athbhreithniú seo leis an bpleanáil sa naíonra, seachas breathnóireacht ar na leanaí.** Tá an réamhobair pleanála seo chomh tábhachtach céanna is atá an bhreathnóireacht féin.

## Bileoga Athbhreithnithe ar Ghníomhaíochtaí

**Cuspóirí**

- *Go gcabhródh an bhileog le cúrsaí pleanála i dtaobh Aistear agus Síolta agus pleanáil teanga sa naíonra*
- **Go mbeadh ionchur na leanaí le feiceáil mar chuid den eispéireas leanbhlárnach sa naíonra**
- **Go mbeadh athbhreithniú á dhéanamh ar obair an stiúrthóra i.e. na gníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil sa naíonra**

**Treoir**

- Roghnaigh am faoi leith i.e. Uair gach mí/téarma/tús na bliana/deireadh na bliana
- Is gá tabhairt faoin athbhreithniú seo nuair nach mbíonn na leanaí sa naíonra i.e. Cruinniú foirne, am neamhtheagmhála (non-contact time)

*Fíor 8*

## A. Bileoga Athbhreithnithe ar Ghníomhaíochtaí

An bhfuil na háiseanna/an trealamh/an ghníomhaíocht seo a leanas sa naíonra?

Sampla

| Gníomhaíocht/Gnás | Ar Fáil (Cuir tic de réir mar a oireann) | In úsáid (Abair cé mhéad lá a úsáidtear é) |
|---|---|---|
| Cúinne Baile | √ | 5 |
| Seastán Péinteála | √ | 5 |
| Cúinne Leabhar | √ | 5 |
| Gaineamh – Fliuch? Tirim? | √ Fliuch | 5 |
| Uisce | √ | 5 |
| Cré | x | 0 |
| Taosrán | √ | 2 |
| Brící | √ | 5 |
| Cluichí Boird | √ | 1 |
| Cluichí Luaile | √ | 2 |
| Bord Dúlra | x | 0 |
| Bord Fuaime/Ceoil | x | 0 |
| Míreanna Mearaí | √ | 5 |
| Puipéid | x | 0 |
| Obair Chruthaitheach/Cúinne Ealaíne | √ | 5 |
| Deiseanna Sórtála | √ | 3 |
| Rainn/Amhráin | √ | 5 |
| Pointe Suime na Maidine | √ | 5 |
| Scéalta | √ | 5 |
| Drámaíocht | √ | 1 |
| Súgradh Lasmuigh | √ | 2 |
| Trealamh Aclaíochta | √ | 2 |
| Eile | x | |

# *Súil Eile*

Sampla

**Conas a chuirtear an fearas in oiriúint don leanbh a bhíonn ag súgradh leis? Tabhair samplaí i ngach cás dóibh seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| a) leanbh le riachtanais speisialta | • *Níl leanbh le riachtanais speisialta sa naíonra faoi láthair ach, tá polasaí scríofa maidir le leanaí le riachtanais speisialta sa naíonra agus bheadh sé sin á leanúint nuair is cuí.* |
| b) leanbh sa chéad téarma | • *Ní bheidh an iomarca trealamh ar na seilfeanna/sna cúinní*<br>• *Gníomhaíochtaí oiriúnacha /troscán oiriúnach atá dírithe ar staid forbartha an linbh ag tús na bliana*<br>• *Timpeallacht leanbhlárnach – áiseanna ag leibhéal an linbh, trealamh leagtha amach ar bhonn fáilteach, ionchur an linbh lárnach sa phleanáil*<br>• *Plean teanga ullmhaithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí/ ngnásanna sa naíonra atá go deas agus simplí* |
| c) leanbh sa dara téarma | • *Dúshláin nua – plean forbartha bunaithe ar thorthaí na breathnóireachta e.g. spéis an linbh, riachtanais an linbh*<br>• *Plean teanga forbartha dírithe ar thorthaí na breathnóireachta e.g. spéis an linbh, riachtanais an linbh*<br>• *Athbhreithniú déanta ar na gníomhaíochtaí atá ar fáil agus in úsáid sa chéad téarma agus nithe le feabhsú curtha i bhfeidhm* |
| d) leanbh sa tríú téarma | • *Dúshláin nua – plean forbartha bunaithe ar thorthaí na breathnóireachta e.g. spéis an linbh, riachtanais an linbh*<br>• *Plean teanga forbartha bunaithe ar thorthaí na breathnóireachta e.g. spéis an linbh, riachtanais an linbh*<br>• *Athbhreithniú déanta ar na gníomhaíochtaí atá ar fáil agus in úsáid sa chéad téarma agus nithe le feabhsú curtha i bhfeidhm*<br>• *Plean aistrithe ón naíonra go dtí an bhunscoil e.g. tuairisc dhátheangach curtha ar fáil do thuismitheoirí, comhoibriú idir an naíonra agus an bhunscoil ar mhaithe le leanúnachas don leanbh* |
| e) leanbh sa dara bliain sa naíonra | • *Dúshláin nua – plean forbartha bunaithe ar thorthaí na breathnóireachta e.g. spéis an linbh, riachtanais an linbh*<br>• *Plean teanga forbartha bunaithe ar thorthaí na breathnóireachta e.g. spéis an linbh, riachtanais an linbh*<br>• *Athbhreithniú déanta ar na gníomhaíochtaí atá ar fáil agus in úsáid sa dara téarma agus nithe le feabhsú curtha i bhfeidhm*<br>• *Plean aistrithe ón naíonra go dtí an bhunscoil e.g. tuairisc dhátheangach curtha ar fáil do thuismitheoirí, comhoibriú idir an naíonra agus an bhunscoil ar mhaithe le leanúnachas don leanbh le cead an tuismitheora* |
| f) leanbh atá ag saibhriú na Gaeilge sa naíonra | • *Plean teanga bunaithe ar shaibhriú teanga an linbh*<br>• *Bí airdeallach ar thionchar an Bhéarla nó teangacha iasachta na leanaí eile ar shaibhriú Ghaeilge an linbh (sóisialú teanga)* |

Sampla

**Conas a chinntíonn tú leanúnachas i bhforbairt an linbh, sealbhú na Gaeilge san áireamh, trí mhodh an tsúgartha?**

| | |
|---|---|
| a) Cé chomh minic is a ghlacann tú páirt sa súgradh leis na leanaí? Déan cur síos air. | • *Gach lá – Tá sé mar chuid de chód iompraíochta an naíonra go mbeidh stiúrthóirí ag labhairt agus ag éisteacht le leanaí ag leibhéal na leanaí. Léirítear meas ar riachtanais an linbh agus cuirtear tacaíocht ar fáil do leanaí trí Ghaeilge a chur ar fáil agus iad i mbun na ngníomhaíochtaí, mar aon le bheith rannpháirteach sa súgradh nuair is cuí agus maoirseacht a dhéanamh ar na leanaí an t-am go léir.* |
| b) Cé chomh minic is a thugtar faoi phleanáil? | • *Athbhreithniú ag deireadh na bliana agus nithe le feabhsú curtha i bhfeidhm*<br>• *Réamhobair pleanála i rith an tSamhraidh ag ullmhú don scoilbhliain nua*<br>• *Cruinnithe foirne míosúla nó nuair is cuí* |
| c) An bhfuil téamaí Aistear agus prionsabail Síolta lárnach sa phleanáil sin? | • *Tá an fhoireann ag tabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus bíonn athbhreithniú rialta á dhéanamh ar an bpleanáil i dtaobh Síolta, Aistear, Rialacháin um Chúram Leanaí agus polasaithe, mar aon le hathruithe in earnáil na luathbhlianta* |
| c) An bhfuil ionchur na leanaí á lorg agat agus tú i mbun pleanála? | • *Cinnte agus timpeallacht leanbhlárnach mar bhunchloch d'éiteas an naíonra. Bíonn tuairimí, spéiseanna agus ionchur na leanaí lárnach i bpleanáil sa naíonra mar atá molta ag Síolta agus Aistear.* |

Súil Eile

## B. Bileoga Athbhreithnithe ar Ghníomhaíochtaí

### Treoir

- Roghnaigh gníomhaíocht faoi leith le hathbhreithniú a dhéanamh uirthi;
- Déan iarracht **athbhreithniú rialta** a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí éagsúla sa naíonra chun go mbeidh **pictiúr comhtháite den naíonra** ar fáil le linn na bliana.

**Cuspóirí Foghlama:** Cén leas a bhaineann leis an ngníomhaíocht i gcomhthéacs fhorbairt iomlán an linbh i.e. Téamaí *Aistear*, prionsabail *Síolta*, deiseanna forbartha?

**Plean Teanga:** Cad iad na focail/frásaí/nathanna cainte/amhráin agus rainn a chuireann an stiúrthóir ar fáil do na leanaí agus iad i mbun na gníomhaíochta?

**Nithe le Feabhsú:** Agus dul siar déanta agam ar na tagairtí thuasluaite is iad na nithe gur féidir liom a fheabhsú ná (liostaigh)

**Cur Chuige:** Tá mé chun feabhas a chur ar na nithe thuasluaite tríd: xxxx a dhéanamh (liostaigh)

**Scála Ama:** Leag amach spriocdháta don fhoireann leis an gcur chuige a chur i bhfeidhm

# Súil Eile

Sampla

| Dáta | Gníomhaíocht/Gnás | Cuspóirí Foghlama | Plean Teanga | Nithe le Feabhsú | Cur Chuige | Scála Ama |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3 Iúil | An Cúinne Baile | Forbairt Teanga, Shóisialta, Mhothaíoch, Chognaíoch & Fhisiciúil – Cumarsáid a spreagadh, teanga a fhorbairt de réir mar a athraíonn an trealamh/téama, comhoibriú idir na leanaí, scileanna luaileacha a fhorbairt, samhlaíocht agus cruthaitheacht na leanaí a spreagadh. | Céimeanna Beaga, Aonad 27 | An iomarca bréagán/ábhar sa chistin. Bhí na leanaí ag gléasadh suas agus ag tabhairt leighis do na teidithe/babóga agus ag ligean orthu gur doctúirí iad. | An chistin a athrú go dtí ospidéal don tseachtain seo chugainn. Ceist a chur ar na leanaí faoina smaointe. Ceist a chur ar thuismitheoirí an mbeadh aon trealamh acu leis an ospidéal a chur le chéile. | Le bheith réidh don tseachtain seo chugainn. |
| | | | | | | |

## 2.2 Cuspóirí Breathnóireachta

- **Go mbeadh tuiscint níos fearr ar staid forbartha na leanaí agus pleanáil a dhéanamh dá réir**
  *- Trí bhunlíne a aithint mar a bhaineann le forbairt teanga, fhisiciúil, chognaíoch, shóisialta agus mhothaíoch ag tús na bliana agus taifead leanúnach a choimeád ar fhorbairt an linbh i rith na bliana*

- **Go gcabhródh sí le cúrsaí pleanála i dtaobh *Aistear* agus *Síolta***
  *- Trí théamaí Aistear agus prionsabail Síolta a aithint agus tacú leo trí thorthaí na breathnóireachta a léiriú mar chuid den phleanáil sa naíonra*

- **Go mbeadh tionchar an Luath-thumtha Iomláin le feiceáil le linn na bliana sa naíonra**
  *- Trí chéimeanna sealbhaithe teanga na leanaí a thaifeadadh go rialta sa naíonra agus plean teanga a fhorbairt dá bharr*

- **Go mbeadh comhoibriú níos éifeachtaí i bhfeidhm idir stiúrthóirí agus tuismitheoirí**
  *- Trí thacaíocht bhreise a chur ar fáil dóibh i.e. uasdátú a thabhairt ar fhorbairt an linbh le linn na bliana, tuairisc dhátheangach a chur ar fáil ag deireadh na bliana nó nuair is cuí*

- **Go mbeadh pictiúr comhtháite den leanbh á chur ar fáil le linn na bliana**
  *- Trí bhreathnóireacht rialta a dhéanamh ar an leanbh i rith na bliana*


- **Go mbeadh measúnú á dhéanamh ar obair an stiúrthóra i.e. na gníomhaíochtaí a chuirtear ar fáil sa naíonra**
  *- Trí úsáid a bhaint as acmhainní tacaíochta i.e. SárShaothar sa Naíonra agus na Bileoga Ghníomhaíochta (teimpléid nua)*

- **Go mbeadh na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), 2006, á gcomhlíonadh**
  *- Trí fhoghlaim, fhorbairt agus leas gach linbh laistigh d'imeachtaí laethúla na seirbhíse a éascú trí na deiseanna cuí a chur ar fáil, mar aon leis na heispéiris, na gníomhaíochtaí, an t-idirchaidreamh, na hábhair agus an trealamh a oireann d'aois agus do staid forbartha an linbh agus dá c(h)omhthéacs cultúrtha[3].*

[3]http://www.ncca.biz/aistear/pdfs/Guidelines_IRISH/AppendicesandBibliography_IRISH.pdf

## 2.3 An Próiseas Breathnóireachta

*Fíor 10*



## Ullmhúchán

Ní mór ullmhú don bhreathnóireacht agus pleanáil a dhéanamh:

*Fíor 11 (Uí Ghrádaigh, D., 2004, 44)*



*Fíor 12*

## Breathnóireacht

- An bhfuil plean breathnóireachta i bhfeidhm go rialta sa naíonra?
- Tabhair faoin mbreathnóireacht: féach ar a bhfuil ar siúl, éist leis an méid atá á rá ag an leanbh, glac nótaí faoin méid a fheiceann agus a chloiseann tú
- Scríobh suas cuntas ar an mbreathnóireacht

## Meastóireacht

- Déan measúnú ar an mbreathnóireacht atá scríofa suas i.e. cad a d'fhoghlaim mé?
- Glac cinneadh faoin gcéad chéim eile i.e. tacaíocht breise

## Pleanáil


- An bhfuil plean oibre oiriúnach don leanbh?
- An bhfuil deiseanna forbartha mar is ceart ar fáil don leanbh?
- An bhfuil comhoibriú ar siúl idir stiúrthóirí agus tuismitheoirí?
- Cad atá ar fáil sa naíonra e.g. míreanna mearaí agus conas is féidir an leas is fearr a bhaint as an trealamh/ábhar sin?
- An bhfuil timpeallacht gheal, thaithneamhach agus shaibhir ar fáil?

## Athbhreithniú


- Bí cinnte athbhreithniú a dhéanamh ar staid forbartha i gcomhthéacs forbairt leanaí, mar aon le dul chun cinn na leanaí trí bhreathnóireacht rialta a dhéanamh sa naíonra
- Bí cinnte athbhreithniú a dhéanamh ar do phlean oibre (plean teanga san áireamh) i gcomhthéacs fhorbairt leanaí an naíonra

## 2.4 Scileanna Breathnóireachta

*Fíor 13*




*Fíor 14  (Uí Ghrádaigh, D., 2004, 43)*




*Fíor 15*




Súil, súil eile...
Cluas, cluas eile!
Tá gá le héisteacht chruinn sa naíonra agus an Ghaeilge á sealbhú ag leanaí an naíonra
Is gá go n-éistfí go cruinn le leanaí sa naíonra leis an eolas is saibhre a thaifeadadh sa naíonra chun riachtanais teanga na leanaí a shoiléiriú
Éisteacht
Ní mór scileanna éisteachta a bheith agat le tabhairt faoi bhreathnóireacht chruinn agus éifeachtach sa naíonra
Is gá go mbeadh ionchur na leanaí le cloisteáil mar chuid den eispéireas leanbhlárnach sa naíonra


Fíor 16 *(Uí Ghrádaigh, D., 2004, 43)*



## 3.1 Teimpléid Nua

Chun cabhrú le naíonraí tabhairt faoin mbreathnóireacht ar shealbhú na Gaeilge tá roinnt teimpléad curtha le chéile againn bunaithe ar a bhfuil in úsáid cheana timpeall na tíre. Dar ndóigh, ní sheasann an bhreathnóireacht ar shealbhú na Gaeilge leis féin - **is mar chuid den mhórphictiúr a dhéantar an bhreathnóireacht seo.** Ba cheart do gach naíonra cur chuige a oireann go maith dóibh mar fhoireann a roghnú agus tús a chur leis an mbreathnóireacht ar shealbhú na Gaeilge.

*Fíor 17*



## 3.2 Teicníocht

Fíor 18 *(Uí Ghrádaigh, D., 2004, 43)*

### Breathnóireacht *le* Rannpháirtíocht

- idirghníomhaíocht a bhíonn ar siúl idir an leanbh agus an breathnóir; e.g. an stiúrthóir ag léamh scéil do leanaí sa naíonra, ag plé an scéil leo agus ag tabhairt faoi deara a bhfuil ag tarlú

### Teimpléid le hÚsáid

- Dialann
- Céimeanna Sealbhaithe
- Scéal Foghlama
- Tuairisc Scríofa

### Breathnóireacht *gan* Rannpháirtíocht


- an bhreathnóireacht a dhéantar ar leanbh sa naíonra gan aon idirghníomhaíocht idir an breathnóir agus an leanbh; e.g. bíonn stiúrthóir cúnta ag tabhairt aire don leanbh nó na leanaí fad is a bhíonn an breathnóir ag seasamh siar is ag déanamh taifid ar an méid atá ar siúl ag an leanbh

### Teimpléid le hÚsáid

- Dialann
- Cárta Gluaiseachta
- Tuairisc Scríofa
- Céimeanna Sealbhaithe

## 3.3 Dialann

*Fíor 19*



Ní ionann nóta a scríobh sa dialann agus tuairisc bhreathnóireachta a scríobh.

**Caithfear an tuairisc iomlán a scríobh níos deanaí.**

Má tharlaíonn eachtra nó má chloistear leanaí ag caint ag deireadh an lae nó cúpla lá ina dhiaidh, ní bheidh ar an stiúrthóir cuimhneamh go hiomlán ar céard a tharla. Le nóta gonta sa dialann cuidíonn sé leis an stiúrthóir an eachtra a thabhairt chun cuimhne agus gníomhnú nuair is cuí.

**Chun go n-oibreoidh an uirlis seo caithfear féachaint ar an dialann go rialta.**

## 3.4 Céimeanna Sealbhaithe Teanga sa Phróiseas Luath-thumtha

**Cuspóirí:**

- *Go mbeadh tuiscint níos fearr ar staid forbartha na leanaí agus pleanáil a dhéanamh dá réir*
- *Go gcabhródh sí le cúrsaí pleanála i dtaobh Aistear agus Síolta*
- *Go mbeadh tionchar an Luath-thumtha Iomláin le feiceáil le linn na bliana sa naíonra*
- *Go mbeadh comhoibriú níos éifeachtaí i bhfeidhm idir stiúrthóirí agus tuismitheoirí*
- *Go mbeadh pictiúr comhtháite den leanbh ar fáil ag deireadh na bliana*
- ***Go léireodh an bhreathnóireacht ar shealbhú teanga na céimeanna sealbhaithe atá bainte amach ag na leanaí***
- ***Go gcabhródh an bhreathnóireacht ar shealbhú teanga leis an bpleanáil teanga sa naíonra***

**Treoir:**

- Roghnaigh am faoi leith leis an mbreathnóireacht a dhéanamh nó líon amach an teimpléad níos déanaí, i ndiaidh duit nóta a bhreacadh sa dialann
- Glac nóta den teanga a úsáideann an leanbh sa cholún oiriúnach
- Glac nóta den teanga a úsáideann an stiúrthóir nuair is cuí
- Déan iarracht **breathnóireacht rialta** a dhéanamh chun go mbeidh **pictiúr comhtháite den leanbh** ag deireadh na bliana

Súil Nua

Sampla

## Céimeanna Sealbhaithe Teanga sa Phróiseas Luath-thumtha

| | |
|---|---|
| Ainm an Linbh: *Sinéad Nic Cába* | Cúlra an Linbh: *Leanbh Aonair, níl aon Ghaeilge ag na tuistí* |
| Dáta Breithe: *13 Aibreán* | Modh an Naíonra: *Modh an tSúgartha* |

| Dáta | Gníomhaíocht/Gnás & Plean Teanga | Tuiscint/ Éisteacht | Meascadh Cóid | Foirmlí Cainte | Saorchaint as a Stuaim Féin | Síniú |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *1 Meán Fómhair* | *Fáiltiú – Féach plean teanga don tseachtain* | *Hi Máire* | | | | *Máire Ní Loingsigh* |
| *12 Deireadh Fómhair* | *Fáiltiú – Ar mhaith leat do chóta a chrochadh suas? Ba mhaith liom* | *Hi Máire* | *I'm gonna hang up mo chóta* | | | *Máire Ní Loingsigh* |
| *16 Samhain* | *Fáiltiú – Amhrán nua "Bainfidh mé díom mo chóta" (MsaN, T3)* | *Hi Máire* | *Hi Máire* | *Dia duit Máire. Slán Mammy! Thosaigh sí ag canadh an t-amhrán liom agus mé ag déanamh athrá ar na focail* | | *Máire Ní Loingsigh* |
| *7 Eanáir* | *Fáiltiú* | | | | *Dia duit Máire, tá mé ag bainfidh mo chóta* | *Máire Ní Loingsigh* |

Nótaí breise:

## 3.5 Tuairsc Scríofa

**Cuspóirí:**

- *Go mbeadh tuiscint níos fearr ar staid forbartha na leanaí agus pleanáil a dhéanamh dá réir*
- *Go gcabhródh sí le cúrsaí pleanála i dtaobh Aistear agus Síolta*
- *Go mbeadh tionchar an Luath-thumtha Iomláin le feiceáil le linn na bliana sa naíonra*
- *Go mbeadh comhoibriú níos éifeachtaí i bhfeidhm idir stiúrthóirí agus tuismitheoirí*
- *Go mbeadh pictiúr comhtháite den leanbh ar fáil ag deireadh na bliana*

**Treoir:**

- Roghnaigh am faoi leith leis an mbreathnóireacht a dhéanamh
- Glac nóta **díreach den rud a fheiceann tú agus a chloiseann tú (tuiscint, éisteacht & oibiachtúlacht)**
- Déan measúnú ar an méid atá scríofa agus déan taifead den phlean forbartha bunaithe ar an mbreathnóireacht
- Déan taifead den nasc le h*Aistear* agus le *Síolta* chomh maith
- Déan iarracht **breathnóireacht rialta** a dhéanamh chun go mbeidh pictiúr chomhtháite den leanbh ag deireadh na bliana

Sampla

## Tuairisc Scríofa

| | |
|---|---|
| Ainm an Linbh: *C* | Cúlra an Linbh: *Leanbh is sine, níl aon Ghaeilge ag na tuistí* |
| Dáta Breithe: *1 Aibreán* | Tréimhse Ama: *10.05-10.10r.n.* |

Tuairisc: *Am Lóin*

*C ina suí ag bord le cúigear leanaí eile. Ceapaire ina lámh. C: "Who has white on their top?" Stiúrthóir: "Tá geansaí bán orm". C: "Yeah! Bán! Nobody else. Who has pink? E, you have green." Tógann C greim as an gceapaire. Ag féachaint timpeall. Stiúrthóir: "Cén dath atá ar do gheansaí? " C: "Pink." Stiúrthóir: "Bándearg." C: "Yeah, bándearg and E has glas." Stiúrthóir: "Féach, tá geansaí bándearg ar L chomh maith..." E: "And bándearg shoes!" Stiúrthóir: "Tá bróga bándearga agat chomh maith, maith thú!"*

Plean Forbartha:

*Is léir go bhfuil C ag caint agus ag idirghníomhú leis na leanaí eile. Bhí dathanna á bplé sa chiorcal. Cé gur Béarla a bhí in úsáid ag C, is léir gur thuig sí ceisteanna agus freagraí an stiúrthóra.*

*Plean → Í a spreagadh leis na focail atá aici a úsáid agus míreanna mearaí a dhéanamh léi leis an teanga a chur chun cinn agus tacú leis an bhforbairt chognaíoch chomh maith.*

Nasc le h*Aistear* agus le *Síolta*:

*Cumarsáid 2:3,2:4,2:5 (Sealbhú na Gaeilge)*

Síniú: *Máire Ní Loingsigh*

## 3.6 Scéal Foghlama

**Cuspóirí:**

- *Go mbeadh tuiscint níos fearr ar staid forbartha na leanaí agus pleanáil a dhéanamh dá réir*
- *Go gcabhródh sí le cúrsaí pleanála i dtaobh Aistear agus Síolta*
- *Go mbeadh tionchar an Luath-thumtha Iomláin le feiceáil le linn na bliana sa naíonra*
- *Go mbeadh comhoibriú níos éifeachtaí i bhfeidhm idir stiúrthóirí agus tuismitheoirí*
- *Go mbeadh pictiúr comhtháite den leanbh ar fáil ag deireadh na bliana*
- ***Go mbeadh ionchur na leanaí le feiceáil mar chuid den eispéireas leanbhlárnach sa naíonra***

**Treoir:**

- Roghnaigh am faoi leith leis an mbreathnóireacht a dhéanamh nó líon amach an teimpléad níos déanaí, i ndiaidh duit nóta a bhreacadh sa dialann
- Glac nóta den teanga a úsáideann an leanbh sa cholún oiriúnach
- Glac nóta den teanga a úsáideann an stiúrthóir nuair is cuí
- Déan iarracht breathnóireacht rialta a dhéanamh chun go mbeidh pictiúr comhtháite den leanbh ag deireadh na bliana

Sampla

## Scéal Foghlama

# Mé Féin

Conas a thosaigh an ghníomhaíocht? Cé/Céard ba chúis léi? Cad as ar eascair sí?

*Rinne na leanaí pictiúir le péint agus nuair a bhí an stiúrthóir á gcrochadh ar an mballa, thug sí faoi deara go raibh an-chuid de na leanaí tar éis pictiúr a tharraingt díobh féin, le gruaig fhada, spéaclaí etc. Bheartaigh muid leanúint leis an téama sin an lá dár gcionn agus an deis a thabhairt do na leanaí an téama "Mé Féin" a fhorbairt.*

Cén ról a bhí ag an stiúrthóir? Ag na leanaí?

*08 Eanáir: Ag am ciorcail, thosaigh an stiúrthóir ag labhairt faoi "Mé Féin". Rinne sí cluiche faoi ainmneacha na leanaí le málaí pónairí.*
*09 Eanáir: Bhí muid ag caint sa chiorcal faoin gclann, deartháireacha, deirfiúracha, maim agus daid etc.*
*10 Eanáir: Thugamar scátháin do na leanaí agus d'iarramar orthu pictiúr díobh féin a tharraingt.*
*11 Eanáir: Rinne na leanaí míreanna mearaí "Ag gléasadh mé féin". Luc: "My Mammy loves me" "Everyone has a family".*

Ar chuir an scéal foghlama leis an sealbhú teanga? An raibh nasc le h*Aistear* agus *Síolta*?

*Bhí baill an choirp foghlamtha againn cheana féin. Bhí an deis againn dul siar ar an teanga arís agus forbairt a dhéanamh uirthi maidir leis na héadaí a bhíonn á gcaitheamh ag na leanaí.*
*Cumarsáid - 2:3,2:4,2:5 (Sealbhú na Gaeilge)*
*Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht - 2:3,2:5*

An bhfuil taifead den scéal foghlama?

*Tá grianghraif de na pictiúir a rinne na leanaí sa leabhar gearrthóg.*

An mbeimid ag filleadh ar an ngníomhaíocht/téama/ábhar? Cathain?

*Beimid ag déanamh "Mo Theaghlach" go luath, beidh na leanaí ag déanamh pictiúir den teaghlach agus beidh deis againn forbairt a dhéanamh ar an teanga arís.*

Aon eolas eile?

Dáta: *13 Eanáir*

Síniú: *Máire Ní Loingsigh*





Súil Nua

## 3.7 Cárta Gluaiseachta

Uaireanta is maith le leanaí ar leith súgradh ina n-aonar agus uaireanta is maith leo súgradh le daoine eile. Tá sé tábhachtach go ndéantar breathnóireacht rialta ar fhorbairt shóisialta agus ar fhorbairt mhothaíoch an linbh le linn na bliana. Bíonn forbairt teanga le feiceáil chomh maith agus cumarsáid mar chuid lárnach d'fhorbairt shóisialta agus d'fhorbairt mhothaíoch an linbh.

*Fíor 20*[4]

**Súgradh Aonair**
Bíonn an leanbh ag súgradh ina aonar.

**Súgradh Breathnóra**
Breathnaíonn an leanbh ar dhaoine eile agus iad ag súgradh gan páirt a ghlacadh sa súgradh sin.

**Súgradh i gComhthráth**
Bíonn an leanbh ag súgradh taobh le taobh le leanbh eile, go minic leis na hábhair chéanna, ach gan idirghníomhú leis an leanbh eile.

**Súgradh Comhluadair**
Tosaíonn leanaí ag súgradh le chéile, ag forbairt trí na hidirghníomhaíochtaí céanna a dhéanamh nó súgradh le trealamh comhchosúil nó trí aithris a dhéanamh ar dhaoine eile.

**Súgradh Comhoibritheach**
Déanann leanaí idirghníomhú, bíonn siad i mbun sealaíocht a chleachtadh, roinneann siad lena cheile agus cinneann siad ar céard a imreoidh siad. Comhoibríonn siad chun teacht ar smaointe don súgradh, déantar na smaointe sin a fhorbairt agus a idirbheartú.

**Cuspóirí:**

- *Go mbeadh tuiscint níos fearr ar staid forbartha na leanaí agus pleanáil a dhéanamh dá réir*
- *Go gcabhródh sí le cúrsaí pleanála i dtaobh Aistear agus Síolta*
- *Go mbeadh tionchar an Luath-thumtha Iomláin le feiceáil le linn na bliana sa naíonra*
- *Go mbeadh comhoibriú níos éifeachtaí i bhfeidhm idir stiúrthóirí agus tuismitheoirí*
- *Go mbeadh pictiúr comhtháite den leanbh ar fáil ag deireadh na bliana*
- ***Go ndéanfadh an stiúrthóir breathnóireacht ar leanbh ag am saorimeartha chun go mbeadh pictiúr níos fearr aige ar na gníomhaíochtaí a bhíonn á ndéanamh ag an leanbh agus an cineál súgartha a bhíonn ar siúl le linn na ngníomhaíochtaí***

**Treoir:**

- Roghnaigh am faoi leith leis an mbreathnóireacht a dhéanamh nó líon amach an teimpléad níos déanaí, i ndiaidh duit nóta a bhreacadh sa dialann
- Glac nóta den chineál súgartha a bhíonn ar siúl ag an leanbh sa cholún oiriúnach agus léirigh sampla den bhreathnóireacht sa cholún "Nótaí"
- Glac nóta den teanga a úsáideann an leanbh agus an stiúrthóir nuair is cuí
- Déan iarracht **breathnóireacht rialta** a dhéanamh chun go mbeidh pictiúr comhtháite den leanbh ar fáil ag deireadh na bliana

[4]http://www.ncca.biz/aistear/pdfs/Guidelines_IRISH/Play_IRISH.pdf

Súil Nua

Sampla

## Cárta Gluaiseachta

| | |
|---|---|
| Ainm an Linbh: *Sinéad Nic Cába* | Cúlra an Linbh: *Leanbh Aonair, níl aon Ghaeilge ag na tuistí* |
| Dáta Breithe: *13 Aibreán* | Modh an Naíonra: *Modh an tSúgartha* |

| Dáta | Gníomh/Gnás | Tréimhse Ama | Súgradh Aonair | Súgradh Breathnóra | Súgradh i gComhthráth | Súgradh Comhluadair | Súgradh Comhoibritheach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *1 Deireadh Fómhair* | *Cúinne Baile* | *9.10–9.20r.n.* | ✓ | | | ✓ | ✓ |

Nótaí:

*Ag súgradh léi féin le bábóg ag an mbord. Bhí sí ag caint léi féin "Let's put a lovely buí dress on you because it's sunny today"(MC*). Tháinig C anall le héadaí leis an mbábóg a ghléasadh suas, bhí siad ag súgradh go deas le chéile. Dúirt mé leo "Is maith liom an gúna deas sin, tá sé go hálainn uirthi! An bhfuil hata deas aici chomh maith? Cé leis an hata seo?" Phioc S an hata suas agus dúirt sí "Is liomsa é!" (FC**). agus thosaigh sí ag gáire.*

Síniú: *Máire Ní Loingsigh*

| Dáta | Gníomh/Gnás | Tréimhse Ama | Súgradh Aonair | Súgradh Breathnóra | Súgradh i gComhthráth | Súgradh Comhluadair | Súgradh Comhoibritheach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *6 Deireadh Fómhair* | *Gaineamh* | *10.10–10.20r.n* | | | ✓ | | ✓ |

Nótaí:

*Ag súgradh taobh le T ach ag déanamh a rud féin sa ghaineamh, ansin dúirt S "Wanna make a caisleán?" (MC*). Ag déanamh caisleáin le T, thosaigh T ag caitheamh an ghainimh amach as an mbosca. Dúirt S "No T, you can't throw the gaineamh!" (MC*)*

Síniú: *Máire Ní Loingsigh*


*Meascadh Cóid ** Foirmle Chainte

## 3.8 Ag Baint Úsáide as na Teimpléid

Is féidir tabhairt faoi na teimpléid nua ar bhealaí éagsúla:

**Taifead leanúnach:** Go mbainfear úsáid as na teimpléid thíosluaite go leanúnach le linn na bliana i.e. uair gach mí nó nuair is cuí.

*Fíor 21*



**Gníomh roghnaithe:** Go mbainfear úsáid as na teimpléid thíosluaite agus an leanbh i mbun na gníomhaíochta i.e. míreanna mearaí.

*Fíor 22*



**Thar thréimhse ama áirithe:** Go mbainfear úsáid as na teimpléid thíosluaite laistigh de thréimshe ama faoi leith i.e. 5 nóimead.

*Fíor 23*



## 3.9 Conclúid

Is féidir úsáid a bhaint as seicliostaí forbartha, **mar aon leis na teimpléid eile atá á moladh ag Forbairt Naíonraí Teoranta.** Bíonn seicliosta cabhrach uaireanta, go háirithe i gcás go ndéantar breathnóireacht ar ghrúpa leanaí le chéile. Chomh maith le taifead scríofa is féidir taifead leictreonach a dhéanamh le fuaim nó le fístéip. **Bíonn taifead leictreonach oirúnach nuair a bhíonn duine ag iarraidh forbairt teanga an linbh a mheas.**

**Tabhair d'aire:** Agus foireann an naíonra ag tabhairt faoin mbreathnóireacht is gá breathnú agus éisteacht leis na leanaí agus taifead a choimeád den mhéid a fheictear agus a chloistear chun tacú le foghlaim agus forbairt gach linbh. Tarlóidh an bhreathnóireacht go nádúrtha agus go laethúil, le pleanáil réamhdhéanta nó go huathspreagtha.

Is próiseas leanúnach atá i gceist leis an mbreathnóireacht, rud a thugann cuntas saibhir d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an linbh dúinn. Déantar an bhreathnóireacht chun tacú leis an bpróiseas aistrithe ag deireadh na scoilbhliana ón naíonra chun na scoile.

Cuimhnigh ar aidhmeanna na breathnóireachta:

- *Go mbeadh tuiscint níos fearr ar staid forbartha na leanaí agus pleanáil a dhéanamh dá réir*
- *Go gcabhródh sí le cúrsaí pleanála i dtaobh Aistear agus Síolta*
- *Go mbeadh tionchar an Luath-thumtha Iomláin le feiceáil le linn na bliana sa naíonra*
- *Go mbeadh comhoibriú níos éifeachtaí i bhfeidhm idir stiúrthóirí agus tuismitheoirí*
- *Go mbeadh pictiúr comhtháite den leanbh ar fáil ag deireadh na bliana*
- *Go mbeadh na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile), 2006, á gcomhlíonadh*

Ádh mór agus coinnigh ort!

**NÓTA: Is féidir na teimpléid ghlana a chóipeáil le húsáid sa naíonra**

## Bileoga Athbhreithnithe ar Ghníomhaíochtaí

An bhfuil na háiseanna/an trealamh/an ghníomhaíocht seo a leanas sa naíonra?

| Gníomhaíocht/Gnás | Ar Fáil (Cuir tic de réir mar a oireann) | In úsáid (Abair cé mhéad lá a úsáidtear é) |
|---|---|---|
| Cúinne Baile | | |
| Seastán Péinteála | | |
| Cúinne Leabhar | | |
| Gaineamh – Fliuch? Tirim? | | |
| Uisce | | |
| Cré | | |
| Taosrán | | |
| Brící | | |
| Cluichí Boird | | |
| Cluichí Luaile | | |
| Bord Dúlra | | |
| Bord Fuaime/Ceoil | | |
| Míreanna Mearaí | | |
| Puipéid | | |
| Obair Chruthaitheach/Cúinne Ealaíne | | |
| Deiseanna Sórtála | | |
| Rainn/Amhráin | | |
| Pointe Suime na Maidine | | |
| Scéalta | | |
| Drámaíocht | | |
| Súgradh Lasmuigh | | |
| Trealamh Aclaíochta | | |
| Eile | | |

## Bileoga Athbhreithnithe ar Ghníomhaíochtaí

**Conas a chuirtear an fearas in oiriúint don leanbh a bhíonn ag súgradh leis? Tabhair samplaí i ngach cás dóibh seo a leanas:**

| | |
|---|---|
| a) leanbh le riachtanais speisialta | |
| b) leanbh sa chéad téarma | |
| c) leanbh sa dara téarma | |
| d) leanbh sa tríú téarma | |
| e) leanbh sa dara bliain sa naíonra | |
| f) leanbh atá ag saibhriú na Gaeilge sa naíonra | |

NÓTA: Is féidir na teimpléid ghlana a chóipeáil le húsáid sa naíonra

## Bileoga Athbhreithnithe ar Ghníomhaíochtaí

| Conas a chinntíonn tú leanúnachas i bhforbairt an linbh, sealbhú na Gaeilge san áireamh, trí mhodh an tsúgartha? | |
|---|---|
| a) Cé chomh minic is a ghlacann tú páirt sa súgradh leis na leanaí? Déan cur síos air. | |
| b) Cé chomh minic is a thugtar faoi phleanáil? | |
| c) An bhfuil téamaí Aistear agus prionsabail Síolta lárnach sa phleanáil sin? | |
| c) An bhfuil ionchur na leanaí á lorg agat agus tú i mbun pleanála? | |

**NÓTA: Is féidir na teimpléid ghlana a chóipeáil le húsáid sa naíonra**

| Dáta | Gníomhaíocht/Gnás | Cuspóirí Foghlama | Plean Teanga | Nithe le Feabhsú | Cur Chuige | Scála Ama |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |

# Na Teimpléid Ghlana

**NÓTA: Is féidir na teimpléid ghlana a chóipeáil le húsáid sa naíonra**

## Céimeanna Sealbhaithe Teanga sa Phróiseas Luath-thumtha

| | |
|---|---|
| Ainm an Linbh: | Cúlra an Linbh: |
| Dáta Breithe: | Modh an Naíonra: |

| Dáta | Gníomhaíocht/Gnás & Plean Teanga | Tuiscint/Éisteacht | Meascadh Cóid | Foirmlí Cainte | Saorchaint as a Stuaim Féin | Síniú |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |

Nótaí breise:

## Tuairisc Scríofa

| | |
|---|---|
| Ainm an Linbh: | Cúlra an Linbh: |
| Dáta Breithe: | Tréimhse Ama: |

Tuairisc:

Plean Forbartha:

Nasc le h*Aistear* agus le *Síolta*:

Síniú:

**NÓTA: Is féidir na teimpléid ghlana a chóipeáil le húsáid sa naíonra**

## Scéal Foghlama

Conas a thosaigh an ghníomhaíocht? Cé/Céard ba chúis léi? Cad as ar eascair sí?

Cén ról a bhí ag an stiúrthóir? Ag na leanaí?

Ar chuir an scéal foghlama leis an sealbhú teanga? An raibh nasc le h*Aistear* agus *Síolta*?

An bhfuil taifead den scéal foghlama?

An mbeimid ag filleadh ar an ngníomhaíocht/téama/ábhar? Cathain?

Aon eolas eile?

Dáta:

Síniú:

**NÓTA: Is féidir na teimpléid ghlana a chóipeáil le húsáid sa naíonra**

Spás do Ghrianghraf

Spás do Ghrianghraf

**NÓTA: Is féidir na teimpléid ghlana a chóipeáil le húsáid sa naíonra**

## Cárta Gluaiseachta

| | |
|---|---|
| Ainm an Linbh: | Cúlra an Linbh: |
| Dáta Breithe: | Modh an Naíonra: |

| Dáta | Gníomh/Gnás | Tréimhse Ama | Súgradh Aonair | Súgradh Breathnóra | Súgradh i gComhthráth | Súgradh Comhluadair | Súgradh Comhoibritheach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

Nótaí:

Síniú

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

Nótaí:

Síniú:

# Liosta Léitheoireachta


An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige. (2006) *Síolta: An Creatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige.* Baile Átha Cliath: An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. (2009) *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Baker, C. (2011) *Foundations of Bilingual Education and Bilingualism* (5ú eagrán). Bristol: Multilingual Matters

Barnardos. (2012) *Child Development Guide.* Baile Átha Cliath: Barnardos.

Devlin, S., Frost, C., (2007) *SárShaothar sa Naíonra, Clár d'Ardchaighdeán.* Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo.

Joesphine Donohoe and Frances Gaynor (1999) *Education and Care in the Early Years.*

French, G. (2013) *Early Speech and Language Matters, Enriching the Communication Environment and Language Development in Early Childhood.* Baile Átha Cliath: Barnardos.

Frost, C., Ní Chochláin, C., (2011) *BunGhaeilge do Thuismitheoirí agus Feighlithe Leanaí.* Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo.

Hickey, T. (1997) *An Luath-thumadh in Éirinn: Na Naíonraí.* Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann

Mhic Mhathúna, M. (2011) *An Traein, Ag Aistriú ón Naíonra chuig an Ghaelscoil.* Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo agus Gaelscoileanna Teo.

Ó Duibhir, P., Cummins, J. (2012) *Towards an Integrated Language Curriculum in Early Childhood and Primary Education (3 – 12 years).* Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Sheil, G., Cregan, Á., McGough, A., Archer, P. (2012) *Oral Language in Early Childhood and Primary Education.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Uí Ghrádaigh, D. (2004) (eag.) *Cúnamh, Tacábhar Cúram Leanaí.* Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo.

Uí Ghrádaigh, D. (2005) (eag.) *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonra.* Baile Átha Cliath: Forbairt Naíonraí Teo.

http://www.irishhealth.com/clin/documents/sharinggoodpractice.pdf

# Nótaí